Chuir **Ionuț Sibian**, comhalta CESE agus rapóirtéir na [tuairime, 'An beartas um an óige sna Balcáin Thiar'](#) mar chuid den Chlár Oibre um Nuálaíocht do na Balcáin Thiar i bhfios go láidir an ról atá ag institiúidí an Aontais mar leanas: 'Caithfidh institiúidí an Aontais tuilleadh tacaíochta a thabhairt do na Balcáin Thiar chun rannpháirtíocht na hóige a fheabhsú. Ba cheart an Ráthaíocht don Aos Óg sna Balcáin Thiar a chur chun feidhme i gcomhpháirtíocht le soláthraithe na Ráthaíochta don Aos Óg agus le geallsealbhóirí ábhartha'.

Tá **Andrej Zorko**, comhalta CESE agus comhraphóirtéir na tuairime, ag iarraidh ar na sé chomhpháirtí sna Balcáin Thiar cloí le príomhdhoiciméid an Aontais i dtaobh an bheartais um an óige, agus tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i mbeartais óige fianaisebhunaithe lena dtugtar aghaidh ar na dúshlán forbartha a bhíonn ag daoine óga.

Áit a dhéanamh de na Balcáin Thiar ina mbeidh féachaint suas ag an óige

Is é is cúis leis an ardleibhéal imirce i measc an aosa óig sna Balcáin Thiar, ar fadhb sheanbhunaithe í, go háirithe, nach bhfuil daoine óga in ann rochtain a fháil ar oideachas ar ardchaighdeán agus nach mór na deiseanna gairme atá le fáil sa réigiún.

Tá géarghá leis na córais oideachais agus na curaclaim reatha a athchóiriú. Ba cheart cumas fiontraíochta na ndaoine óga a spreagadh agus a chur chun cinn, agus ní mór bonneagar sóisialta an réigiúin a neartú tuilleadh.

Cuimsíonn Clár Oibre um Nuálaíocht an Aontais do na Balcáin Thiar an óige agus, dá bhrí sin, spreagann sé rialtais na mBalcáin Thiar a gcreat beartais um an óige a fhorbairt agus leanúint orthu leis na hathchóirithe riachtanacha chun go mbeidh ionchais do dhaoine óga sa réigiún amach anseo. (at)



Ní mór foréigean in aghaidh na mban a chur ar liosta choireanna an Aontais

Ag an seisiún iomlánach a bhí aige i mí Iúil, phléigh Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) an dréacht-treoir ón gCoimisiún maidir le dul i ngleic le foréigean inscnebhunaithe agus comhionannas inscne le Cristina Fabre ón Institiúid Eorpach

um Chomhionannas Inscne.

Le blianta beaga anuas, tá dlús curtha ag an Aontas Eorpach lena iarrachtaí comhionannas inscne agus cumhachtú na mban a chur chun cinn agus a phríomhshruthú. In ainneoin na n-iarrachtaí sin, is é foréigean in aghaidh na mban an sárú is coitianta ar chearta an duine ar fud na hEorpa, agus aon trian de mhná ina n-íospartaigh foréigin.

Agus tús á chur aici leis an díospóireacht, bhí an méid seo a leanas le rá ag Uachtarán CESE, Christa Schweng: 'Thar ceann na sochaí sibhialta, tá CESE tiomanta do shochaí atá níos cothroime ó thaobh inscne de a bhaint amach agus d'Aontas saor ó fhoréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní a bhaint amach.'

Labhair **Cristina Fabre**, ionadaí na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne, faoin tionchar eacnamaíoch a bhíonn ag neamhionannais: 'Tríd an gcomhionannas inscne a chur chun cinn, tá borradh á chur faoin ngeilleagar againn. D'fhéadfadh OTI *per capita* ardú ó 6.9 % go 9.6 % má áirithimid go bhfuil cearta comhionanna ag mná agus ag cailíní.'

Phléigh **José Antonio Moreno Diaz**, rapóirtéir don tuairim maidir leis an [togra le déanaí le haghaidh treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac](#), conas is féidir leis an Aontas Eorpach dul i ngleic le heipidéim seo an fhoréigin in aghaidh na mban: 'Is sárú ar chearta an duine é foréigean in aghaidh na mban, dá bhrí sin iarraimid go gcuirfí ar liosta choireanna an Aontais faoi Airteagal 83(1) CFAE é'. Tá sé á chur in iúl ag CESE nach réitítear fadhbanna sóisialta trí chóras na cúirte amháin agus nár cheart gurb é an pionós sin an t-aon bhealach amháin chun gníomh a dhéanamh. 'Ní mór dúinn a áirithiú go mbeidh rochtain ag íospartaigh ar sheirbhísí cúraim sláinte, lena n-áirítear seirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe', a mhínigh an comhrapóirtéir **Ody Neisingh**, 'Is ar an gcóras atá an locht, ní ar na mná.'

Arna iarraidh sin d'Uachtaránacht na Seicia, glacadh [tuairim ar leith maidir le comhionannas inscne](#) le linn an tseisiúin iomlánaigh sin freisin. Dúirt rapóirtéir CESE, **Milena Angelova**, go n-éilíonn an comhionannas inscne aitheantas, úinéireacht agus tiomantas leanúnach ó na geallsealbhóirí uile sa tsochaí. 'Ní mór dúinn cultúr comhionannais inscne ar feadh an tsaoil a thógáil, ina gcuimseofar gach céim agus gach réimse den



Ní mór an ghné shóisialta a chur san áireamh i rialacha nua maidir le táirgí inbhuanaithe

Ag an seisiún iomlánach a bhí aige i mí Iúil, d'iarr Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) ar an gCoimisiún Eorpach gnéithe sóisialta na bpríomhthograí a neartú chun rialacha an Aontais maidir le táirgí inbhuanaithe,

éicidhearthóireacht agus teicstílí inbhuanaithe a ailíniú.

Ghlac CESE tuairimí maidir le treochlár an Choimisiúin i dtaca le táirgí inbhuanaithe, cuir i gcás ['Féachaint leis gur táirgí inbhuanaithe an gnás'](#), [rialachán nua maidir le héicidhearthóireacht](#) agus [straitéis um theicstílí inbhuanaithe](#).

Tá na tograí mar chuid de [phlean nua an Aontais don gheilleagar ciorclach](#) agus cuirfidh siad leis na hiarrachtaí chun go mbeidh an Eoraip ag brath níos lú ar acmhainní i bhfianaise na ngéarchéimeanna atá ann faoi láthair, lena n-áirítear paindéim COVID-19, cogadh na Rúise ar an Úcráin agus an t-athrú aeráide.

Sa [tuairim](#) maidir leis an treochlár um tháirgí inbhuanaithe agus leis an rialachán maidir leis an éicidhearthóireacht, chuir CESE in iúl nach mbeidh rath ar an straitéis um an ngeilleagar ciorclach ach amháin má tá idir tháirgeoirí, thomhaltóirí agus oibrithe, chomh maith leis na húdaráis, rannpháirteach ann agus ar an eolas i gceart ina thaobh.

Beidh gá le rialacha soiléire fóna comhsheasmhacha chun é a chur chun feidhme go rathúil. Tá gá leo sin chun a áirithiú go mbeidh táirgí inbhuanaithe iomaíoch agus chun go mbeidh an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach níos cuimsithí.

Raon feidhme níos leithne do rialachán nua maidir le héicidhearthóireacht

Má tá an t-aistriú chuig an ngeilleagar ciorclach le baint amach, tá gá le ceanglais nua ó thaobh táirgí de, maidir le marthanacht, indeisitheacht, athchúrsáil, tionchar ar an gcomhshaol agus astaíochtaí CO2, mar shampla, agus le rialacha feabhsaithe maidir leis an bhfaisnéis a roinntear le pasanna táirgí digiteacha agus lipéid dhigiteacha.

Ar an drochuair, déanann an rialachán atá beartaithe neamhaird ar an ngné shóisialta den scéal. Ní móide gur leor an tagairt a dhéantar ann don togra ón gCoimisiún maidir leis an Treoir i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach.

Tá gá le fócas níos láidre ar chearta oibrithe agus ar shaothar leanaí

I [dtuairim](#) ar leith ó CESE maidir le teicstílí inbhuanaithe, chuir CESE i bhfios go láidir go bhfuil gá le béim níos mó a leagan ar ghnéithe sóisialta in earnáil na dteicstílí, go háirithe ar chearta oibrithe agus ar chómhargáil. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí bearta diana lena gcuirfí toirmeasc ar an gcaidreamh eacnamaíoch le gnólachtaí a úsáideann saothar leanaí nó nach n-áirithíonn dálaí oibre cuibhiúla.

Ina theannta sin, molann CESE gur cheart do dhaoine éadaí a cheannach agus a chaitheamh ar bhonn freagrachta

I gcomhréir leis an méid sin go léir, tá gá le hinfheistíochtaí agus cláir chun feabhas a chur ar chumas na gcomhlachtaí cigireachta agus ar chumas oibríochtúil na gcomhpháirtithe sóisialta faireachán a dhéanamh ar chomhaontuithe domhanda agus ar chearta oibrithe.

Ar deireadh, chun cothromaíocht a áirithiú idir gnólachtaí agus gníomhaithe eile de chuid na slabhraí soláthair teicstíle, molann CESE dea-chleachtais dhomhanda a chur chun cinn ó thaobh na hinbhuanaitheacht de. (ks)



[Treochlár an Aontais maidir leis an tslándáil agus an chosaint: iarraidh ó CESE ar na Ballstáit gníomhú go teann agus le chéile](#)

I dtuairim nua ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE), léirigh sé a thacaíocht iomlán do chuspóirí an [Treochláir Eorpaigh maidir le teicneolaíochtaí criticiúla le haghaidh na slándála agus na cosanta](#), treochlár atá tráthúil i bhfianaise an chogaidh san Úcráin.

Ina sheisiún iomlánach i mí Iúil, ghlac CESE [tuairim](#) i dtaca leis an Treochlár Eorpach maidir le teicneolaíochtaí criticiúla le haghaidh na slándála agus na cosanta. Is díol sásaimh do CESE na moltaí ón gComisiún. Creideann sé gur tionscnamh maith atá ann, ar an iomlán, lenarbh fhéidir gníomhú agus freagairt do ghéarchéimeanna agus dúshláin gheopholaitiúla éagsúla. Chuir an Coiste i bhfáth sa tuairim, mar sin féin, gur cheart don Choimisiún tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i sineirgí cothrománacha agus ingearacha idir na Ballstáit.

Thar aon ní eile, creideann CESE gur cheart cur chuige cuimsitheach a ghlacadh a luaithe is féidir, ceann lena gcumhdófaí an taobh sibhialta agus míleata den scéal agus lena dtabharfaí le chéile an leibhéal Eorpach agus náisiúnta. Oscailt súl atá san ionradh ar an Úcráin, rud a léiríonn nach mór dúinn gníomhú i bhfad níos tapa ná mar is gnách.

Anuas air sin, maidir leis na gnéithe teicniúla, moltar sa tuairim torthaí na Faireachlainne um Theicneolaíochtaí Criticiúla a ionchorprú sna treochláir. Ní féidir an t-aistriú ó chéim amháin go céim eile den timthriall teicneolaíochta tionsclaíochta a bhainistiú i gceart ach amháin más léir cé leis na tionscnaimh agus cé air a bhfuil na freagrachtaí a bhaineann leo.

Ag an am céanna, tá CESE ag iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh a bhfreagairtí láithreacha ar ionsaí na Rúise ar an Úcráin i gcomhréir le hábhar agus cuspóirí an Treochláir, rud arb iarracht fhadtéarmach é. Ní foláir infheistíochtaí gearrthéarmacha náisiúnta cosanta a chomhordú ar an leibhéal Eorpach ionas nach mbeidh tuilleadh ilroinnte agus dúblála ann.

Tá sé á mholadh freisin ag CESE go mbunófaí ionad ilfhreastail ar líne d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do ghnólachtaí nuathionscanta. 'Cúinne FBManna an Aontais' ar líne a bheadh ann, áit a bhféadfadh gnólachtaí sonraí réamhshainithe a chur isteach agus faisnéis shaincheaptha a fháil ar ais faoi na cláir Eorpacha is fearr a bheadh ina dtacaíocht dóibh. (ks)



Ní mór do Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta AE-SAM breith ar an bhfaill atá ann chun bheith ar thús cadhnaíochta sa trádáil, sa teicneolaíocht agus sa nuálaíocht

Ag an seisiún iomlánach a bhí aige i mí Iúil, d'áitigh CESE gur féidir leis an gComhairle Trádála agus Teicneolaíochta (TTC) nua a bheith ina huirlis nuálach don Aontas agus do Stáit Aontaithe Mheiriceá chun oibriú le chéile ar mhaithe le domhan níos sábháilte agus níos rathúla atá bunaithe ar phrionsabail na forbartha inbhuanaithe agus luachanna daonlathacha. Tá an Chomhairle ceaptha chun feidhmiú mar phróiseas rannpháirtíochta agus, dá réir sin, ní mór di a trédhearcacht agus a rannpháirtíocht láidir leis an tsochaí shibhialta agus leis na geallsealbhóirí a léiriú.

Sa tuairim féintionscnaimh uaidh [An Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta nua AE-SAM faoi lán seoil: tosaíochtaí maidir le gnólachtaí, oibrithe, tomhaltóirí agus na coimircí a bhfuil gá leo](#), tá béim leagtha ag CESE ar thosaíochtaí na Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta.

'Is foirm nua chomhair í an Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta. Ní mór é a bheith mar phríomhchuspóir aici féachaint conas is féidir leis an trádáil agus an teicneolaíocht oibriú ar bhealach níos fearr chun folláine ár sochaithe a chosaint. Ní mór ról tábhachtach a bheith ag an tsochaí shibhialta eagraithe ar dhá thaobh an Atlantaigh sa Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta,' arsa Christa Schweng, Uachtarán CESE.

Dúirt Timo Vuori, comhalta CESE agus rapóirtéir na tuairime, an méid seo a leanas: 'Ní mór do Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta AE-SAM réitigh a sholáthar chun an timpeallacht trádála dhéthaobhach agus idirnáisiúnta a fheabhsú sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma. Murach sin, féadfaidh an Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta an móiminteam atá aici a chailleadh.'

Is idir an tAontas agus SAM atá an caidreamh eacnamaíoch déthaobhach is comhtháite ar domhan, caidreamh eacnamaíoch atá cothrom le leath de OTI an domhain agus aon trian de shreafaí trádála domhanda.

Mhínigh an t-eacnamaí agus scríbhneoir Fredrik Erixon, ar tugadh cuireadh dó labhairt ag an seisiún iomlánach, gur deis nua a bhí sa tionscnamh seo don dá pháirtí tionchar a imirt ar gheilleagar an domhain, trí bheith aontaithe agus trí chomhpháirtíochtaí a lorg le tíortha atá ar aon intinn leo agus ag a bhfuil na bunluachanna eacnamaíocha agus polaitiúla céanna.



A stronger internal market through uniform digital taxation

In an exploratory opinion, the EESC insists on the importance of coordinated European legislation establishing tax rates for digital service companies. This will ensure a growth-friendly business environment and benefit the internal market, while avoiding the gaps that separate national initiatives would create. The Committee's opinion, drafted at the request of the Czech Presidency of the Council of the European Union, states that any new rules must avoid double taxation and minimise compliance costs for businesses.

While the EU can play a leading role in defining rules for taxing the digital economy, it should respect the international agreement reached by the OECD/G20. On that, rapporteur **Benjamin Rizzo** stated: "Both Pillar 1 and Pillar 2 of the OECD Inclusive Framework on Base Erosion and Profit Shifting must be implemented within the EU as soon as it is feasible. It will help achieve a high degree of consistency with the international agreement that will be negotiated by the OECD/G20". Co-rapporteur **Petru Dandea** added: "The EESC stresses that properly devised international tax laws on digital businesses are instrumental in preventing tax evasion and tax avoidance practices, as well as in designing a fair, stable and progressive taxation system".
(tk)



Taxation rules on cross-border teleworking must be updated and simplified

How should wages and company profits be taxed in a way that meets the needs of today's work environment? In an opinion adopted at its July plenary session, the EESC takes up this challenge, while welcoming and encouraging the rise of teleworking. An updated and easy-to-follow set of rules should ensure that employees and employers in Europe do not face multiple taxation or unintended non-taxation because they are working from abroad.

"We are in a new world, where people want to work differently. The EESC fully supports more flexible work and cross-border teleworking situations," says rapporteur **Krister Andersson**. "But this new paradigm also

poses serious challenges for international taxation systems and an efficient European single market". Among other measures, the EESC proposes to create a one-stop-shop, such as exists for VAT, at a European level. An employer would report the number of days teleworkers worked in their country of residence and in the country where the employer is located. With this information, tax authorities would be able to assess in which country income would be taxable, or what part of the income would be taxable in each country. **Mr Andersson** points out that "This system would allow employees and employers to reduce tax disputes between Member States, and at the same time help ensure that taxes are levied correctly without requiring the individual to file in multiple countries". (tk)



The digital transition must be fair: human rights and human control must remain central

Many Europeans are not yet digitally literate and most national administrations have not yet implemented digital solutions. Making people's access to some services of general interest conditional on having a digital identity could result in a lose-lose

situation: a significant number of Europeans could see their right to access these services being denied.

The EESC opinion adopted at the July plenary session and drafted by **Dumitru Fornea** sounds the alarm. New governance tools introduced with the digital and industrial revolution must not be oppressive and make people's daily lives contingent on having to sign up to digital technology systems that are controlled in an undemocratic way.

"The advantages of digital technology solutions are obvious," said Mr **Fornea**. "However, their rapid implementation, especially for services of general interest such as digital identity, could lead to the exclusion of a significant number of Europeans. We must ensure that humans remain in command, with democratic control and with the involvement of civil society organisations."

According to the EESC, digital technology solutions such as digital identity, digital means of payment and incorporation into virtual and augmented reality platforms should remain complementary tools and should not completely and unfairly replace other practices that have been developed and perfected by humans over thousands of years.

The EESC was the first European institution to call for the "human in command" approach when dealing with AI systems and reiterates that it is paramount for humans to have the last say and be in full control of decision-making processes when it comes to machine developments. (mp)

NEWS FROM THE GROUPS



Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach: Rómhaorlathas nó uirlis úsáideach?

Le Antje Gerstein, Comhalta de Ghrúpa na bhFostóirí in CESE

An 23 Feabhra, sheol an Coimisiún Eorpach a thogra le haghaidh Treoir i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach, ina leagtar amach creat éigeantach do chuideachtaí chun drochthionchair chomhshaoil agus chearta an duine a shainaithint agus gníomhú ina leith ar fud a n-eagraíochta féin — agus a slabhra luacha iomlán.

Ar an drochuair, ní dhéanann an togra mar atá sé na spriocanna a bhfuiltear ag dréim leo a bhaint amach. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur tharraing Bord an Choimisiúin féin um Ghrinnschrúdú Rialála aird ar lochtanna tromchúiseacha sa mheasúnú tionchair, mar shampla go bhfuil an cur síos ar an bhfadhb doiléir agus gur cheart an tuarascáil a ailíniú níos fearr le tionscnaimh eile.

Ba cheart é a bheith d'aidhm ag na comhreachtóirí imeacht ó fhorálacha nach ndéanann ach oibleagáidí a fhorchur agus cur chuige atá níos dírithe ar phróiseas a roghnú ina ionad sin, bunaithe ar rannpháirtíocht agus ar mhuinín a chothú. Fágann sin gur cheart a bheith ag súil go ndearfadh gnólachtaí a bpróisis díchill chuí maidir le cearta an duine atá ar dhóigh rioscabhunaithe agus go mbeadh siad i gcomhréir leis an tionchar féideartha agus an tionchar iarbhrí a bheidh acu.

Ós rud é go mbíonn deimhneacht dhlíthiúil de dhíth ar chuideachtaí agus go mbíonn orthu rioscaí dliteanais a íoslaghdú, tá seans ann go mbraithfidís go bhfuil iallach orthu slabhraí soláthair a ghiorrú agus tarraingt siar ó réigiúin a bhféadfadh fadhbanna a bheith ag baint leo maidir le cearta an duine. D'fhéadfadh impleachtaí tromchúiseacha a bheith aige sin, ós rud é go ndéanfaí damáiste don trádáil dhomhanda agus go gcaillfeadh roinnt mhaith oibrithe i dtíortha i mbéal forbartha agus i dtíortha atá ag teacht chun cinn a bpost.

Sa tuairim ón mBord um Ghrinnschrúdú Rialála agus sa tuairim ó CESE maidir le [‘Rialachas corparáideach inbhuanaithe’ \(INT/973\)](#), leagtar béim iontu araon ar an ngá atá le comhleanúnachas rialála agus beartais. Is iad Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus Treoirlínte ECFE na tagarmharcanna lena leagtar amach go soiléir dualgais agus freagrachtaí na ngníomhaithe uile agus ní mór dúinn cloí leo sin.

Ní mór do Pharlaimint na hEorpa agus do Chomhairle an Aontais Eorpaigh cinntí a dhéanamh: an bhfuil siad ag iarraidh cur chuige cuiditheach a chruthú i leith slabhraí soláthair domhanda inbhuanaithe, cur chuige atá bunaithe ar chomhpháirtíocht, a bheidh slán i bhfad na haimsire, agus atá dírithe ar thorthaí agus ar an bhfíorshaol? An bhfuil siad ag iarraidh a áirithiú go ndéanfar tionscnaimh chomhthreomhara a bhaineann le táirgí a ailíniú ar bhealach níos fearr? Más amhlaidh atá, is fada fós an bóthar atá rompu. Is féidir linn a dhearbhu do na comhreachtóirí go bhfuil fostóirí tiomanta dá gcuid féin a dhéanamh chun toradh rathúil a áirithiú. Baineann an Treoir seo le príomhghnó ár gcomhaltaí. Níl an dara rogha againn ach go mbeidh sé mar is ceart.

Léigh an téacs ina iomláine i nuachtlitir Ghrúpa na bhFostóirí: <https://europa.eu/!vYX7Wq>



Winter, Gas, and Heating

By the EESC Workers' Group

Europe finds itself in a difficult situation after many years of negligence and unfounded optimism on energy issues. Fuelled by shutdowns of nuclear facilities that were mostly replaced with gas or coal (and with tens of thousands of premature deaths added each year), an addiction to natural gas as an easy and cheap (and lately, also green) alternative, and an energy market ill-designed for crises or for providing high shares of renewables, frost this winter looks particularly menacing.

These ingredients, set on fire by the Russian invasion of Ukraine, have made transport and energy prices skyrocket. Together with the price spikes for many basic food products due to disturbances in the global food chain, inflation has reached levels not seen in decades. The steep rise in prices affects, first and foremost, the most vulnerable populations who already had no margins for increasing energy, transport and food costs. Not to speak of the likely starvation and hunger in the rest of the world where spending extra is not a possibility.

As our companies struggle to continue under severe cost hikes, and our citizens and workers doubt if they will be able to turn on heating this winter, the initiative on REPowerEU and that on reforming the energy market are a welcomed relief. Green and just transitions have become not only a climate necessity but also a social and geopolitical one. Without decisive action to break away from fossil fuels, our political systems will likely collapse long before we reach any climate targets. (prp)



Volunteers: essential actors in European societies

By the EESC Civil Society Organisations' Group

The informal and formal voluntary activities undertaken during the COVID-19 pandemic and the assistance provided to Ukrainian refugees have once again demonstrated the vital and holistic contribution volunteering makes to society. Volunteering plays a pivotal role in building social capital, social inclusion and cohesion. It is also an important source of self-development and the most obvious example of civic engagement and active citizenship.

At the conference on **Volunteers - citizens building the future of Europe**, which took place on 7 July 2022 in Gdańsk, Poland, participants therefore called, among other things, for:

- increased social awareness of the contribution of volunteering to European societies, for instance through the availability and sharing of reliable models and data that measure the economic contribution of volunteering, as well as its contribution beyond GDP;
- the introduction of enabling policy and/or regulatory and legal frameworks, to be decided on a country-specific basis and in direct consultation with civil society organisations;
- the provision of structured and sustainable funding and safe and good levels of support and infrastructure for volunteering;
- volunteering to be put back onto the European political agenda, for instance by developing and actively supporting a more comprehensive European-wide voluntary programme, creating an EU-wide volunteering website and designating 2025 as the European Year of Volunteers.

The conference was organised by the EESC's Civil Society Organisations' Group, in liaison with several European and local partners. It brought together volunteers, researchers, representatives of national and European civil society organisations and public authorities, to discuss and share their experience of volunteering trends in the EU, public authority support for organisations and volunteers, and new forms of volunteering.

The complete set of conclusions and recommendations from the conference is available at:
<https://europa.eu/!KC4tFR>

Editors

Ewa Haczyk-Plumley (editor-in-chief)
Daniela Marangoni (dm)

Contributors to this issue

Amalia Tsoumani (at)
Chrysanthi Kokkini (ck)
Daniela Marangoni (dm)
Daniela Vincenti (dv)
Ewa Haczyk-Plumley (ehp)
Jasmin Kloetzing (jk)
Karen Serafini (ks)
Katharina Radler (kr)
Katerina Serifi (ks)
Laura Lui (ll)
Marco Pezzani (mp)
Pablo Ribera Paya (prp)
Thomas Kersten (tk)

Coordination

Agata Berdys (ab)
Katerina Serifi (ks)

Technical support
Bernhard Knoblach (bk)

Address

European Economic and Social Committee
Jacques Delors Building,
99 Rue Belliard,
B-1040 Brussels, Belgium
Tel. (+32 2) 546.94.76
Email: eescinfo@eesc.europa.eu

EESC info is published nine times a year during EESC plenary sessions. EESC info is available in 23 languages
EESC info is not an official record of the EESC's proceedings; for this, please refer to the Official Journal of the European Union or to the Committee's other publications.
Reproduction permitted if EESC info is mentioned as the source and a link is sent to the editor.

10/2022